

AN SAGART PARÁISTE

Ní raibh sagart paráiste ina chomhnaidhe i gCárna fadó agus ní rabh teach do shagart ar an bpobal ar fad. Bhí an sagart ag cur faoi i dtighteada na ndaoine. An chéad shagart a bhí ceapthuighthe theacht annseo fear a dtugaidís an tAthair Domhnall Ó Máille air. Bhí sé ag cur faoi i dteach san áit a bhfuil an teaampall déanta anois i gCarna. Creidim go raibh sé a' léigheadh Aifrinn freisin sa teach céanna. Bhí an tAthair Éamonn Ó Máille ann roimhe sin. Ní raibh teach ar bith dá chuid féin aige sin ach a' fanacht i dtighteada daoine. Bhí sé i mbaile na hAirde Thiar sgathamh i dteach le Máirtín Sheáin Risteaird, fear de Chlann nDonnchadha. Choinnigheadh sé mí é nuair a thigheadh sé thart. Bhí a shliocht air, ní raibh fear ar bith ba mhúinte ná é.

Bhí an sagart seo sgathamh ar an Aird Mhóir, agus bhí sé i Loch Mhac Con Uidhre agus bhí sé i nGlinsge. Thagadh sé thart uair sa mí le baisteadh a dhéanamh. Na daoine a bhí a bhfad uaidh ní bhíodh Aifreann acab chuile Dhomnach. Bhí os cionn dhá mhile dhéag ó cheann ceann a pharáiste ó Dhoire Iorruis go Muigh Iorruis. Sé Muigh Iorruis sean-ainm an pharáiste . Sé an chaoi a bhfuil siad ag comhaireamh Iorruis Aithneach chuile áit le fairrge anuas ó na cnuic. Má fheiceann fear ó na cnuic fear again ag a' gul a' bóthar déarfadh sé go bhfeiceann sé fear Iorruis Aithneach. Déarfadh muide má thigheann fear na gcnuic thart go bhfuil "fear ó na cnuic" ann.

File a bhí in athair Éamonn Ó Máille. Ba é an tAthair Peadar Mac Con Buidhe a tháinig in áit an Athar Domhnall. Ba é a thóg an Teampall i gCarna.